2026/2492

12.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2492 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2026

lena ndiúltaítear iarratas ar chlárú táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

('Tavas Yanık Koyun Yoğurdu' (TGFC))

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 7866)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Tavas Yanık Koyun Yoğurdu' mar thásc geografach faoi chosaint (TGFC), arb iarratas é a chuir an Tuirc isteach an 4 Iúil 2024 (PGI-TR-03280).

(2) Tar éis an t-iarratas ar chlárú a scrúdú, an 10 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún a bharúlacha in iúl, agus béim á leagan aige ar easnaimh ar an iarratas, go háirithe maidir leis an iarratasóir, an friotal a úsáidtear i gcodanna de théacs/dhoiciméadacht an doiciméid aonair agus na sonraíochta táirge, teorainn fhocal an doiciméid aonair, an cruthúnas cosanta, tuairisc an táirge, cruthúnas tionscnaimh, na rialacha sonracha maidir le lipéadú, agus an nasc cúisíoch leis an limistéar geografach. Iarradh ar an iarratasóir coigeartuithe ar an iarratas a sholáthar chomh maith le soiléirithe.

(3) Níor thug an t-iarratasóir freagra.

(4) An 28 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go raibh sé ar intinn aige tús a chur leis an nós imeachta chun cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún a ghlacadh lena ndiúltófaí an t-iarratas de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, mura gcuirfí leagan athbhreithnithe den iarratas ar chlárú isteach nó mura dtarraingeofaí siar an t-iarratas. Luaigh an litir roinnt neamhchomhréireachtaí.

(5) Níor thug an t-iarratasóir barúlacha ná níor iarr sé go dtarraingeofaí siar an t-iarratas laistigh den tréimhse 2 mhí a sonraíodh tar éis dó an litir a fháil.

(6) Déanann roinnt neamh-chomhréireachtaí difear don iarratas. Go háirithe, ní urramaítear an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2024/1143, ós rud é gurb é Bardas Tavas ('TAVAS BELEDİYESİ') an t-iarratasóir, nach táirgeoir aonair é a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ná ní grúpa táirgeoirí é a oibríonn leis an táirge, a bhfuil sé beartaithe a ainm a chlárú.

(7) Ina theannta sin, áirítear téacs/doiciméadacht sa doiciméad aonair agus sa tsonraíocht táirge as Tuircis; dá bhrí sin, ní chomhlíontar an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

(8) Tá an cruthúnas cosanta as Tuircis agus an t-aistriúchán air i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais, a cheanglaítear le hAirteagal 13 (2)(d) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1143, in easnamh.

([1]) IO L 1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

(9) Tá an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge ag deireadh an doiciméid aonair faoi 'Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta' in easnamh freisin. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar an ceanglas a bhunaítear in Airteagal 13(2)(a) de Rialachán (AE) 2024/1143 agus in Airteagal 2(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún ([2]).

(10) Ina theannta sin, ní shainaithnítear san iarratas nósanna imeachta lena n-áirithítear gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe é an táirge; dá bhrí sin, ní chomhlíontar an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme.

(11) Tá an tuairisc ar an táirge neamhiomlán, toisc go bhfuil príomhthréithe ceimiceacha agus micribhitheolaíocha an táirge in easnamh; dá bhrí sin, ní chomhlíontar an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 49 (1)(b) de Rialachán (AE) 2024/1143.

(12) Níl rialacha lipéadaithe sa doiciméad aonair ailínithe leis na rialacha atá sa tsonraíocht táirge, rud nach bhfuil i gcomhréir le hAirteagal 50(1)(a) de Rialachán (AE) 2024/1143 ná le hAirteagal 4(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26.

(13) Thairis sin, ós rud é go bhfuil na tosca ar a bhfuil an nasc idir an tionscnamh agus an táirge bunaithe doiléir agus nach dtugtar aon mhíniú ar an gcaoi a ndéanann tosca daonna agus/nó nádúrtha difear do cháilíocht nó do shaintréithe an táirge, ná ar an gcáil atá ar 'Tavas Yanık Koyun Yoğurdu' faoi láthair, ní bhunaítear an nasc cúisíoch idir cáilíocht, clú nó saintréithe eile an táirge agus an limistéar geografach sainithe i gcomhréir le hAirteagal 49(1)(f)(ii) de Rialachán (AE) 2024/1143.

(14) Ar deireadh, ní urramaítear teorainn líon iomlán 2 500 focal an doiciméid aonair, ar ceanglas é a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26.

(15) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an t-iarratas ar chlárú 'Tavas Yanık Koyun Yoğurdu' mar ATFC cheanglais Rialachán (AE) 2024/1143.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Tavas Yanık Koyun Yoğurdu' mar TGFC a dhiúltú.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Diúltaítear an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Tavas Yanık Koyun Yoğurdu' mar thásc geografach faoi chosaint (TGFC).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clárúcháin, leasuithe, cealuithe, forfheidhmiú na cosanta, an lipéadaithe agus na cumarsáide i leith tásca geografacha agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 a mhéid a bhaineann le tásca geografacha in earnáil an fhíona, agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 agus (AE) 2021/1236 (IO L, 2025/26, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/26/oj).

Airteagal 2

Is chuig an iarratasóir seo a leanas a dhírítear an Cinneadh seo:

TAVAS BELEDİYESİ
Samanlık Mahallesi Cumhuriyet Meydanı No:6/A
Tavas/DENİZLİ, Türkiye

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún